

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine an ndéanann sé/sí mórán taistil agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 4.1 agus 4.2

- Scaip **Bileog 4.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na rialacha a bhaineann leis an bhriathar san Aimsir Láithreach arís agus bí cinnte go bhfuil an briathar **déan** déanta mar is ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh. ( - ) *is fuath liom é, ní maith liom é, is cuma liom faoi, is maith liom go mór é agus is breá liom é* ( + )
- Cuir ceist orthu ansin an bhfuil bealaí ar bith eile acu lena gcuid tuairimí a chur in iúl. Scríobh na tuairimí atá acu ar an chlár dubh agus déan plé leis an rang ar fad ar na focail/frásaí a fhaigheann tú.
- Abair leo ansin Cuid C a dhéanamh. Mar shampla: Ag taisteal – is fuath liom é.
- Scríobh an sampla ar an chlár dubh. Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang faoi na cinn eile.
- Cuir ceist ar an rang ar fad ansin an dóigh le habairt iomlán a dhéanamh as ‘Ag taisteal – is fuath liom é’. Míneigh dóibh go bhfuil focal in easnamh a cheanglaíonn an abairt le chéile. Ansin scríobh ‘Is fuath liom **bheith** ag taisteal’.
- Ansin cuir ceist mar ‘An maith leat bheith ag snámh?’ ar dhaoine éagsúla sa rang. Bí cinnte go dtugann gach duine an freagra ceart duit - ‘Is maith liom *bheith* ag snámh’.
- Scaip **Bileog 4.2** agus abair leis na foghlaimoírí Cuid A a dhéanamh.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip. Tabhair cúpla bomaite dóibh na ceisteanna a léamh agus a thuiscint faoi Chuid B.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad. Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Cuid C: Caithfidh siad tamall a chaitheamh ag smaoinreamh ar a gcuid tuairimí féin faoi thaisteal. Beidh siad ag caint leis an duine in aice leo lena gcuid tuairimí a fháil faoi thaisteal ansin.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang a t(h)uairimí a rá os ard.

**Feidhm:** Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi thaisteal chuig an ionad oibre

**Bileoga:** 4.3, 4.4 agus 4.5

- Scaip **Bileog 4.3**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu. Bí cinnte chomh maith go bhfuil na focail curtha faoi na teidil chearta sa bhosca.

- Abair leo ansin Cuid B agus Cuid C a dhéanamh.
- Bí cinnte go scríobhann na foghlaimeoirí an oiread abairtí agus is féidir leo faoi thaisteal laethúil.
- Bí thusa ar fáil le Gaeilge a chur ar aon mhodh taistil atá acu nach bhfuil sa liosta faoi Chuid A.
- Cuir na foghlaimeoirí ina mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 4.4 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 4.5 – Duine B** don duine eile. Má tá ochtar sa rang mar shampla, déan ceithre chóip de **Bileog 4.4 – Duine A** agus ceithre chóip de **Bileog 4.5 – Duine B**.
- Abair le gach beirt gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Cuid A: Caithfidh na foghlaimeoirí an oiread agus is féidir leo a scríobh faoin phictiúr. Nuair atá siad réidh léigh tríd na rialacha faoi Chuid B.
- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí labhairt leis an duine eile leis an oiread eolais agus is féidir a fháil faoin phictiúr atá ag an duine sin. Tá na ceisteanna agus freagraí ann le cuidiú leo an t-eolas sin a fháil.
- Iarr ar chúpla duine sa rang labhairt faoin phictiúr a bhí acu os ard.

**Feidhm:** Ag plé cúrsaí ama  
**Bileoga:** 4.6

- Téigh siar ar na huimhreacha 1 – 12 leis an rang.
- Scaip **Bileog 4.6** agus léigh tríd Cuid A leo.
- Tarraing cúpla clog ar an chlár dubh agus tarraing amanna cosúil le 2.45, 6.15, 9.30, 10.45 etc. Iarr ar dhaoine éagsúla an t-am a rá as Gaeilge.
- Cuid B:
  1. Abair leis na foghlaimeoirí amanna a scríobh sna spásanna ag úsáid na bhfocal faoi Chuid A.
  2. Glacfaidh siad beirt sealanna ansin na hamanna a scríobh siad a léamh amach don duine eile agus ag scríobh na n-amanna a bhí ag an duine eile.
  3. Abair leo na hamanna a thaispeáint dá chéile ansin le feiceáil ar bhreac siad na hamanna cearta síos.
- Cuid C: Tabhair tamall dóibh na focail a mheaitseáil. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte faoin bhrí i nGaeilge.
- Ceartaigh leis an rang ar fad é ansin. Pléigh thusa na focail leis an rang le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.

**Feidhm:** Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi fhad an turais  
**Bileoga:** 4.7, 4.8, 4.9 agus 4.10

- Scaip **Bileog 4.7** agus abair leo Cuid A a dhéanamh. *Cá fhad a thógann an turas?*

- Cuid B: Bí cinnte go dtuigeann siad na focail ar fad atá i gcló dubh. Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin leis na bearnaí a líonadh. Nuair atá na bearnaí líonta acu cuir an téip ar siúl dhá uair. Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ansin.
- Cuid C:
  1. Tabhair seans dóibh smaoineamh ar an mhodh taistil a bhíonn acu féin ag dul chun na hoibre.
  2. Abair leo labhairt leis an duine in aice leo ansin le comhrá a bheith acu faoin dóigh a dtéann siad ag obair gach lá.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo.
- Scaip **Bileog 4.8** ar na foghlaimeoirí agus léigh tríd na rialacha a bhaineann leis an tuiseal tabharthach faoi Chuid A. Míinigh dóibh chomh maith nach dtagann athrú ar bith ar na litreacha nach bhfuil sa liosta. Míinigh dóibh nach gcuirtear rud ar bith ar ghuta i ndiaidh *ar an, ag an, etc.*
- Cuid B: Abair leis na foghlaimeoirí gur fearr dóibh anois canúint faoi leith a roghnú agus cloí leis, fiú amháin ag an phointe seo. Iarr orthu na focail atá idir lúibíní a chur le chéile agus cibé athrú is gá a dhéanamh.

#### Freagraí:

1. ar an rothar
  2. ag an mbord/ag an bhord
  3. leis an gclann/leis an chlann
  4. ar an traein
  5. ar an tsráid
  6. ar an mbád/ar an bhád
  7. ar an ngluaisrothar/ar an ghluaisrothar
  8. leis an mbean/leis an bhean
- Bíodh cóipeanna déanta agat den trí chárta ar **Bileog 4.9** roimh an rang.
  - Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus bíodh cárta amháin ón bhileog ag gach duine sa ghrúpa. Má tá naonúr sa rang agat beidh trí ghrúpa agat agus bileog amháin gearrtha suas do gach grúpa.
  - Roghnaigh grúpa amháin le sampla a dhéanamh de cad é atá le déanamh. Cuirfidh duine A ceist ar dhuine B ‘conas a théann tú go dtí an obair?’. Tabharfaidh duine B freagra fada ag úsáid an eolais ar fad atá aige ar a chárta. Tá duine C go díreach ag éisteacht ag an phointe seo. Nuair atá duine B críochnaithe ag caint cuireann sé ceist ar dhuine C ‘conas a théann tusa go dtí an obair?’. Nuair atá duine C críochnaithe ag caint cuirfidh sé ceist ar dhuine A ‘conas a théann tusa go dtí an obair?’ agus mar sin de.
  - Bí thusa ag siúl thart le cuidiú leo.
  - Scaip **Bileog 4.10** ar an rang.
  - Cuid A: Míinigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le comhrá atá bunaithe ar na cártaí a bhí acu sa ghníomhaíocht dheireanach. Cuir an téip ar siúl faoi dhó más gá.

- Cuid B: Abair leo an rólghníomhaíocht a dhéanamh arís bunaithe ar an chomhrá ar an téip ach abair leo gan féachaint ar **Bileog 4.10**.

**Feidhm:** Ag cur tuairimí in iúl faoi thaisteal

**Bileoga:** 4.11

- Scaip **Bileog 4.11** ar an rang agus léigh tríd na haidiachtaí ar fad faoi Chuid A leis an rang le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Cuid B: Abair leo na haidiachtaí faoi Chuid A a úsáid leis an cholún faoi **Tusa** a líonadh. Sampla: An bus: *an-leadránach, an-mhall, maith go leor*. Nuair atá sé sin déanta acu mínigh dóibh go mbeidh siad ag caint leis an duine in aice leo faoi cad é a shíleann an duine sin faoi na modhanna éagsúla. Scríobh an comhrá samplach ar an chlár dubh:
  - An maith leat an bus?
  - Ní maith. Tá sé an-mhall agus leadránach go leor. An maith leatsa an bus?
  - Tá sé maith go leor, tá sé an-áisiúil.
- Nuair atá an bosca ar fad faoi Chuid B déanta ag an rang iomlán cuir ceist ar chúpla duine faoi na tuairimí a fuair siad ón duine a raibh siad ag caint leis/léi. Cuir ceist mar seo orthu:

A Phóil, an maith le Jim an t-eitleán?

**Feidhm:** Ag rá cad é a dhéanann tú le ham a mheilt le linn turais

**Bileoga:** 4.12

- Scaip **Bileog 4.12**
- Cuid A: Mínigh do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad cur síos a dhéanamh ar an phictiúr faoin bhean ar an eitleán. Abair leo úsáid a bhaint as na focail sna boscaí.
- Cuid B: Anois caithfidh siad smaoineamh ar thuras a dhéanann siad féin go minic agus cad é a dhéanann siad leis an am a mheilt le linn an turais. Tá orthu cuntas gearr a scríobh faoi, ag úsáid na bhfocal céanna atá i gCuid A le cuidiú leo.
- Cuid C: Ansin tá siad chun labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach cad é a dhéanann an duine sin leis an am a mheilt le linn turais agus cuntas gearr a scríobh faoi.

**Feidhm:** Ag plé costais taistil

**Bileoga:** 4.13

- Scaip **Bileog 4.13**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.

- Cuid B: Tá ar gach duine praghsanna a chumadh do na ticéid agus na praghsanna sin a chur sna bearnaí faoi **Do phraghas**. Beidh siad ag caint leis an duine atá ag obair leo ansin le haimsiú cad iad na praghsanna atá acusan do na ticéid chéanna. Beidh an chaint eatarthu bunaithe ar an chomhrá samplach faoi phointe 2. Nuair atá na bearnaí ar fad líonta acu déanfaidh siad cinneadh le chéile faoi cén praghas atá an-daor nó an-saor.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla cé mhéad atá na ticéid éagsúla.

**Feidhm:** Ag plé cúrsaí tiomána  
**Bileoga:** 4.14 agus 4.15

- Scaip **Bileog 4.14**.
- Cuid A: Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Cuir an téip ar siúl ansin dóibh faoi dhó agus ceartaigh an ghníomhaíocht leo. Iarr ar chúpla duine sa rang an comhrá a léamh amach os ard agus cuir béim ar an fhuaimniú.
- Cuid B: Abair leo go bhfuil siad chun cuntas gearr a scríobh faoin chúlra tiomána atá acu féin bunaithe ar an chomhrá faoi Chuid A agus ag úsáid na bhfocal ar dheis. Iarr ar chúpla duine a bhfuil scríofa acu a léamh amach.
- Cuid C: Abair leo labhairt leis na daoine in aice leo agus an cheist seo a chur ar a chéile: An bhfuil tiomáint agat? Ansin cuir thusa an cheist ar dhaoine éagsúla sa rang.
- Bíodh na cártaí ar **Bileog 4.15** gearrtha amach agat roimh an rang - cárta amháin an duine.
- Abair leo na bearnaí a líonadh ina gcuid cártaí. Scríobh an sampla ar an chlár dubh:
  - An bhfuil tiomáint agat?
  - Tá, le cúig bliana anuas. NÓ – Níl, tá mé an-neirbhíseach/ró-óg/níl an t-am agam.
- Abair leis an rang seasamh agus siúl timpeall an ranga ag caint le gach duine sa rang ag cur na ceiste agus ag freagairt na ceiste. Abair leo cur leis an chomhrá más féidir.
- Cuir an cheist ar chúpla duine sa rang.